

Plean Feabhsúcháin Scoile achomair

1. Réamhrá

1.2 Fócas na meastóireachta

Mar chuid d'ár n-obair leanúnach sa scoil, rinneamar féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i mbliana. Rinneamar meastóireacht ar scoláirí Bhliain 1 ach go háirithe, ach rinneamar meastóireacht ar scoláirí eile na scoile chomh maith. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi inar tharla an mheastóireacht, féach ár dTuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile atá ar fáil in Oifig an Phroimhoide.

Leagann an plean feabhsúcháin scoile amach na gníomhartha a dhéanfaimid sa scoil sna trí bliana seo romhainn in 2014, 2015 agus 2016. Is é príomhaidhm na ngníomhartha seo ná chun feabhas a chur ar fhoghlaim ár ndaltaí.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

2.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

Ta caidreamh maith idir tuismitheoirí agus foireann na scoile.
Tá caidreamh maith idir scoláirí agus foireann na scoile.
Tá cleachtas maithe ó thaobh teagasc agus foghlama i bhfeidhm trasna an churaclaim.
Tá an chuid is mó de scoláirí na scoile sásta sa scoil agus leis an teagasc agus an fhoghlaim atá á fháil acu anseo.
Tá an chuid is mó de thuismitheoirí na scoile sásta leis an teagasc agus an fhoghlaim atá á fháil ag a ngasúir anseo.
Tá iompraíocht ár scoláirí ar fheabhas.
Tá áiseanna maithe teicneolaíochta sa scoil agus tá na múinteoirí oilte leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht.
Tá tacaíocht laidir ó thuismitheoirí/caomhnóirí na scoile.
Tá scoláirí na scoile dearfach, gníomhach agus tá dúil acu deiseanna a ghlacadh chun an fhorbairt phearsanta, chognaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.
Tógadh 81% Páipéir Scrúduithe Ard Leibhéal sa Teastas Sóisearach i 2013 agus bhí 74% A, B, C mar thoradh.
Deir 70% de scoláirí na scoile gur mian leo a bheith ag léamh.
Deir 68% de scoláirí na scoile gur maith leo ficsean a léamh.

Tá sé seo ar eolas againn toisc go ndearnamar comhairliúchán le daltaí, thuismitheoirí agus múinteoirí agus gur scrúdaíomar torthaí trialacha sa scoil.

2.2 Tá sé beartaithe ag ár scoil tús áite a thabhairt do na réimsí forbartha seo a leanas: